



## CLÁR OIBRE DIGITEACH DON EORAIP

Ó 1995, tá gnóthachain agus fás táirgiúlachta san Aontas Eorpach á spreagadh ag teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna)<sup>[1]</sup>. Le tríocha bliain anuas, tá na teoireannacha idir Teileachumarsáid, Craolacháin agus TF á ndoiléiriú ag 'cóineasú' teicneolaíochta. Sheol an Coimisiún Margadh Aonair Digiteach in 2015 chun na príomhthograí reachtacha a sholáthar, amhail ríomhthráchtáil, cóipcheart, ríomhPhríobháideachas, comhchuibhiú ceart digiteach, rialacha comhchuibhithe CBL, agus cibearshlándaíl.

### AN BUNÚS DLÍ

Cé nach bhfuil aon fhorálacha speisialta do TFCanna sna Conarthaí, féadfaidh AE bearta ábhartha a ghlacadh faoi chuimsiú beartais earnálacha agus chothrománacha, amhail: an beartas tionsclaíoch (Airteagal 173 CFAE); an beartas iomaíochta (Airteagal 101-109 CFAE); an beartas trádála (Airteagal 206 agus Airteagal 207 CFAE); na gréasáin thras-Eorpacha (GTenna) (Airteagail 170-172 CFAE); taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás (Airteagail 179-190 CFAE); dlíthe a chomhfhogasú le haghaidh bhunú agus fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú (Airteagal 114 CFAE); saorghluaiseacht earraí (Airteagal 28, Airteagal 30 agus Airteagail 34-35 CFAE); saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil (Airteagail 45-66 CFAE); an t-oideachas, an ghairmoiliúint, an óige agus spórt (Airteagal 165 agus Airteagal 166 CFAE); agus cultúr (Airteagal 167 CFAE). Is príomhghnéithe iad seo don Eoraip Dhigiteach.

### CUSPÓIRÍ

Tar éis Straitéis Liospóin, ceapadh an [Clár Oibre Digiteach don Eoraip](#)<sup>[2]</sup> mar cheann de na seacht dtionscnamh shuaitheanta i straitéis Eoraip 2020 a ghlac an Coimisiún. Foilsíodh é i mí na Bealtaine 2010 agus é mar aidhm leis cur síos a dhéanamh ar an bpríomhról cumasaithe a bheidh ag úsáid TFCanna má theastaíonn ón Eoraip a cuspóirí uailmhianacha do 2020 a bhaint amach. Chun timpeallacht dhigiteach atá cothrom, oscailte agus slán a áirithiú, bhunaigh an Coimisiún dá réir sin an [Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach](#) ina bhfuil trí cholún: rochtain níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí ar earraí agus seirbhísí digiteacha ar fud na hEorpa, na dálaí cearta a chruthú chun go mbeadh líonraí digiteacha agus seirbhísí nuálacha faoi rath agus acmhainneacht fáis an gheilleagair dhigitigh a uasmhéadú.

[1]Scórchlár digiteach – <http://ec.europa.eu/digital-agenda/en/scoreboard>

[2]Clár Oibre Digiteach don Eoraip – <https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/europe-2020-strategy>



## A BHFUIL BAINTE AMACH

Ó tháinig iomaíocht iomlán ar an margadh teileachumarsáide an 1 Eanáir 1998 agus ó cuireadh i bhfeidhm é den chéad uair, tá soláthraithe ag an Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach na príomhthograí reachtacha ar tosaíochtaí iad inti.

I dtús báire, chun rochtain níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí ar earraí agus seirbhísí digiteacha ar fud na hEorpa, agus chun ardchóras ceart úsáideoirí agus cosanta do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí a sholáthar d'AE, lena n-áirítear:

- Praghsanna níos ísle don [chumarsáid leictreonach](#) agus deireadh a chur le táillí fánaíochta an 14 Meitheamh 2017 ('Roam Like At Home')[3];
- Nascacht idirlín níos fearr do chách le clúdach bunúsach cuimsitheach leathanbhanda, go príomha de bharr forbairtí ar leathanbhanda móibíleach agus satailíte chun nascacht ghigighiotáin a fhorbairt do na príomhspreagthóirí socheacnamaíocha ar fad le húsáid chomhchuibhithe [bhanda minicíochta 470-790 Mhz san Aontas](#) agus oscailt leathanbhanda le haghaidh idirlíon móibíleach 5G faoi 2020; comhfhéilire AE le haghaidh [seoladh tráchtála comhordaithe 5G in 2020](#); baill theo Wi-Fi atá saor in aisce a thairiscint do shaoránaigh agus do chuariteoirí in áiteanna poiblí ar fud na hEorpa tríd an scéim WiFi4EU[4]; banda minicíochta 700 Mhz atá ar ardchálíocht; Ciste Leathanbhanda um Chónascadh na hEorpa (chun tacú le bonneagair ghréasáin dhigiteacha);
- Cosaint níos fearr do thomhaltóirí i dteileachumarsáid le reachtaíocht maidir le príobháideacht (Treoir 2009/136/CE) agus cosaint sonraí (Treoir 95/46/CE), atá feabhsaithe tuilleadh ag an gcreat rialála nua maidir le cosaint sonraí ([Rialachán \(AE\) 2016/679](#) agus [Treoir \(AE\) 2016/680](#)); trí shainordú na Gníomhaireachta Eorpaí um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéise (ENISA) a neartú[5], tar éis [an rún ón bParlaimint](#) a ghlacadh, agus ina dhiaidh sin, [an togra ón gCoimisiún](#) agus Cruinniú Mullaigh Thailinn; trí ardán ar líne chun díospóidí idir custaiméirí agus trádálaithe ar líne a réiteach a chruthú[6]; tríd an suíomh gréasáin giponet.org a chruthú, ardán atá ann chun cur chun feidhme rialachais idirlín a dhéanamh níos daonlathaí agus níos fusa d'úsáideoirí[7]; trí [reachtaíocht maidir le geobhlocáil](#) lena gcuirtear cosc ar an idirdhealú díreach nó indíreach bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe an chustaiméara in idirbhearta tráchtála trasteorann idir trádálaithe agus custaiméirí san Aontas; trí úsáidí ceadaithe cóipchirt do dhaoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta; tríd an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112' a thabhairt isteach ([Treoir 2009/136/CE](#)), an uimhir chabhrach do leanaí ar iarraidh '116000', an uimhir chabhrach do leanaí '116111', agus an uimhir chabhrach do

[3]Comhráiteas a d'eisigh Uachtaránacht Mhála ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach an 14 Meitheamh 2017: [http://europa.eu/rapid/press-release\\_STATEMENT-17-1590\\_en.htm](http://europa.eu/rapid/press-release_STATEMENT-17-1590_en.htm)

[4]Arna ghlacadh ag an gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2017: <http://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2017/10/09-free-wifi4eu-internet-hotspots/>

[5]Rialachán (CE) Uimh. 526/2013. <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32013R0526>

[6]Is féidir teacht ar an ardán ag: <http://ec.europa.eu/consumers/odr/> agus tá eolas breise le fáil ag: [https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/consumers/resolve-your-consumer-complaint\\_ga](https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/consumers/resolve-your-consumer-complaint_ga)

[7]Sheol an Coimisiún an t-ardán, i gcomhar leis an bhFaireachlann Dhomhanda maidir le Beartas Idirlín (GIPO), an 22 Aibreán 2015.



thacaíocht mhothúchánach ‘116123’; agus tríd an gceart a thabhairt maidir leis an oibreoir líne seasta nó móibíleach a athrú laistigh d’aon lá oibre amháin fad a choinníonn an duine an uimhir fóin a bhí aige go dtí sin, i.e. inaistritheacht uimhreach (Treoir 2009/136/CE).

Ar an dara dul síos, chun comhsheasmhacht na nósanna imeachta rialála náisiúnta don teileachumarsáid a chruthú, déanann Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) ([Rialachán \(CE\) Uimh. 2018/1971](#)) foráil maidir le comhar idir na rialálaithe náisiúnta agus an Coimisiún. Chuige sin, cuireann sé an dea-chleachtas agus cur chuige coiteann chun cinn, agus san am céanna cuireann sé cosc ar rialúchán neamhréireach a d’fhéadfadh an iomaíocht sa mhargadh aonair teileachumarsáide a shaobhadh. Ó thaobh an bhainistithe speictrim de, leagtar amach sa chlár beartais ilbhliantúil um an speictream raidió na treonna beartais agus na cuspóirí do phleanáil straitéiseach agus comhchuibhiú an speictrim raidió. Áirithítear leis sin dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sna réimsí beartais de chuid AE lena mbaineann úsáid speictrim, amhail an chumarsáid leictreonach, taighde, forbairt theicneolaíoch agus an spás, iompar, fuinneamh, agus beartais chlosamhairc.

Ar an tríú dul síos, tá sé mar aidhm leis an gclár oibre digiteach don Eoraip acmhainneacht fáis an gheilleagair dhigitigh a uasmhéadú, trí scileanna digiteacha agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta a chur chun cinn, tionsclaíocht agus seirbhísí a dhigitiú, intleacht shaorga a fhorbairt agus seirbhísí poiblí a nuachóiriú<sup>[8]</sup>. Glacadh rialacha nua [maidir le hinaistritheacht seirbhísí digiteacha](#) chun a cheadú do thomhaltóirí a d’íoc as seirbhísí inneachair ar líne ina dtír baile rochtain a fháil orthu agus iad ar cuairt i dtír eile laistigh den Aontas agus cuireadh i bhfeidhm na rialacha sin ón 1 Aibreán 2018.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an Pharlaimint ar son beartas láidir forbartha TFC agus bhí sí an-ghníomhach i nglacadh gníomhartha reachtacha sa réimse. Chomh maith leis sin, d’éirigh leis an bParlaimint i gcónaí an bhéim a choinneáil ar shaincheisteanna TFC, trí thuarascálacha ar a tionscnaimh féin, trí cheisteanna ó bhéal agus i scríbhinn, trí staidéir<sup>[9]</sup>, trí cheardlanna<sup>[10]</sup>, trí thuairimí agus trí rúin, chomh maith le trí éilimh ar chomhordú níos fearr na n-iarrachtaí náisiúnta ar mhaithe le forbairt na seirbhísí pan-Eorpacha agus le tacaíocht AE don teileachumarsáid<sup>[11]</sup>.

[Tá an Pharlaimint tar éis aird a tharraingt](#) ar an ngá atá le speictream ‘na díbhinne digití’ chun gur féidir leathanbhanda a chur ar fáil do shaoránaigh uile AE, agus tá béim leagtha ag an bParlaimint air go bhfuil gá le tuilleadh beart chun rochtain sheasta ardluais ar leathanbhanda a chinntiú, mar aon le heolas digiteach agus inniúlachtaí digiteacha do gach custaiméir agus tomhaltóir. San am céanna, cuireann an Pharlaimint [neodracht theicneolaíoch](#), ‘neodracht líonra’ agus ‘saoirsí líonraí’ do

---

[8]Príomh-Aire na hEadóine, Jüri Ratas, ar Chruinniú Mullaigh Thuillinn.

[9]Meitheal Mhachnaimh PE: <http://www.europarl.europa.eu/thinktank/ga/home.html#studies>

[10]Toghcháin Parlaimint na hEorpa: <http://www.europarl.europa.eu/committees/ga/events-hearings.html#documents>

[11]Forbairt Uileláithreach Margaidh Aonair Dhigitigh, ar staidéar é a ullmhaíodh don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra i bParlaimint na hEorpa, 2013: [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/etudes/join/2013/507481/IPOL-IMCO\\_ET\(2013\)507481\\_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/etudes/join/2013/507481/IPOL-IMCO_ET(2013)507481_EN.pdf)



shaoránaigh na hEorpa chun cinn go láidir, mar aon le bearta maidir le rochtain ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir trí líonraí teileachumarsáide nó a n-úsáid, ar bhonn urramú chearta agus shaoirsí bunúsacha na saoránach; Ba cheart go n-áiritheofaí leis na bearta sin freisin nach ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí idirlín díghrádú ar chumas na n-úsáideoirí rochtain a fháil ar ábhar agus ar fheidhmchláir agus/nó seirbhísí dá gcuid féin a rith<sup>[12]</sup>.

Tá an Pharlaimint ar bhonn córasach ag daingniú na ngealltanas sin tríd an reachtaíocht. Tá sí ina ceann feadhna ó thaobh constaicí atá laistigh de Mhargadh Aonair Digiteach a bhaint agus ó thaobh nuachóiriú a dhéanamh ar rialacha teileachumarsáide AE le go mbeidh siad in oiriúint do tháirgí agus do sheirbhísí digiteacha agus sonraíbhunaithe an lae inniu chun digitiú na n-earnálacha seirbhísí Eorpacha a uasmhéadú, rud a mbíonn poist agus deiseanna nua mar thoradh air. Tá sé mar aidhm aici borradh a chur faoin tráchtáil trasteorann, rialacha maidir leis an gconradh digiteach agus seirbhísí beartseachadta trasteorann a ráthú, tacú le saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta agus nósanna imeachta níos simplí maidir le CBL a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, tá feabhas curtha ag an bParlaimint ar rochtain agus aistriú sonraí do chách trí chaighdeáin neodrachta líonra a shocrú, trí chomhchuíbhíú a dhéanamh ar úsáid bhanda minicíochta 470-790 Mhz, trí thacú le naisc Wi-Fi atá saor in aisce do chách i mbailte agus i sráidbhailte (Wifi4EU), trí infheistíocht a dhéanamh i ríomhaireacht ardfeidhmíochta agus i néalseirbhísí eolaíochta (an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte) agus trí dheireadh a chur le táillí fánaíochta i gcríoch AE. Tá obair thábhachtach reachtach tionscanta agus tugtha i gcrích ag an bParlaimint maidir le [bearta chun laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a chur in úsáid](#)<sup>[13]</sup> agus an [Rialachán maidir le sainithint leictreonach agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh idirbhearta leictreonacha sa mhargadh inmheánach d'fhonn cabhrú le gnólachtaí leictreonacha](#).

Thairis sin, d'éirigh leis an bParlaimint an obair reachtach ar athchóiriú [an chreata um chosaint sonraí agus rialacha cibearshlándála](#) a thabhairt i gcrích, formheas a thabhairt maidir le creat slándála TFC ar leibhéal na hEorpa a chruthú, deimhniú TFC a eagrú, infheistíochtaí i gcumais thionsclaíochta chibearshlándála bhunriachtanacha, cur i bhfeidhm éifeachtach a ráthú i leith cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta mar cheart bunúsach ([Treoir \(AE\) 2016/680](#)), daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin ([Rialachán \(AE\) 2016/679](#)). Is é sprioc an dara Rialachán sin, na rudaí seo a leanas a cheartú: ilroinnt i gcur chun feidhme cosanta sonraí ar fud an Aontais, neamhchinnteacht dhlíthiúil agus tuiscint choiteann an phobail gurb ann do rioscaí suntasacha do dhaoine nádúrtha (go háirithe i dtaca le gníomhaíocht ar líne). Le déanaí, vótáil Coiste na Parlaiminte um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) i bhfabhar na rialacha maidir le meas ar an saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach chun gnó a éascú<sup>[14]</sup>.

---

[12]IO C 153 E, 31.5.2013, Ich. 128..

[13]Treoir 2014/61/AE: [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L\\_.2014.155.01.0001.01.ENG](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2014.155.01.0001.01.ENG), IO C 155, 23.5.2014, Ich. 1.

[14]COM(2017)0010.



Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an bParlaimint ar an gcaoi a bhfuil an treochlár i leith na Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach á chur chun feidhme ag an gCoimisiún, agus dá bhrí sin, ghlac an Pharlaimint rún dar teideal '[I dTreo Gníomh um Margadh Aonair Digiteach](#)'. Tá an-chuid obair reachtach ar bun ag an bParlaimint faoi láthair ar na tograí a tíolacadh le teacht i ndiaidh na Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach agus an rúin thuasluaite. Baineann na tograí sin le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail geobhlocáil gan údar<sup>[15]</sup>, seirbhísí beartseachadta trasteorann<sup>[16]</sup>, inaistritheacht trasteorann seirbhísí ábhair ar líne<sup>[17]</sup>, athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Comhar i gCosaint na dTomhaltóirí<sup>[18]</sup>, seirbhísí na meán closamhairc<sup>[19]</sup>, conarthaí i ndáil le díolacháin earraí ar líne agus ciandíolacháin eile earraí<sup>[20]</sup>, agus conarthaí i ndáil le hinneachar digiteach a sholáthar<sup>[21]</sup>.

[Mariusz Maciejewski / Frédéric Gouardères](#)

05/2019

---

[15][COM\(2016\)0289](#).

[16][COM\(2016\)0285](#).

[17][COM\(2015\)0627](#).

[18][COM\(2016\)0283](#).

[19][COM\(2016\)0287](#).

[20][COM\(2015\)0635](#).

[21][COM\(2015\)0634](#).

